

# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí  
as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

21 Eanáir 2021



## AN DOCHTÚIR MAC CUINNEAGÁIN

Bhásaigh an Dr. Conall Mac Cuinneagáin, fear a rinne cúram do shláinte mhuintir Chois Fharráige ar feadh os cionn scór go leith bliain idir 1964 - 1998, ar an 16 Eanáir. Thug “an Dochtúir” togha na haire don phobal ina bhealach, séimh, cineálta féin, é ar fáil maidin is faoithin, é discrídeach, stuama. Conallach ildánach ab ea Conall, a raibh dúil ar leith aige i gcúrsaí staire; an stair áitiúil go háirid. D’fhoilsigh sé ‘Glencolmcille: a Parish History’, stair a phobal dúchais, agus ba é a bhí ina chathaoirleach ar an meitheal a d’fhoilsigh ‘Cill Éinde – Céad Bliain scéal shéipéal an Spidéil. Cuireadh ar an Tulach Bhuí ar an gCoilleach é. Suaimhneas síorraí go raibh aige.



## HATAÍ & SEAICÉID ROS AN MHÍL

Tá hataí agus seaicéid áille ar fáil fós ó Choiste na Páirce, Ros a' Mhíl. Tá seaicéid (L) agus (XL) ar fáil nó dá mbeadh suim ag daoine ann, d’fhéadfaí ordú mór a chur isteach. €15 atá ar na hataí agus €40 atá ar na seaicéid. Seol teachtaireacht chuig an gcuntas Facebook: Coiste na Páirce, An Canal, Ros an Mhíl nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Cian @ 087 791 5340.



## NUALA NÍ CHONGHAILE TOFA

Toghadh Nuala Ní Chonghaile, clár- reachtaire sa seomra nuachta in RTÉ Raidió na Gaeltachta as na Doireadha, mar dhuine de cheathrar céimithe ar Údarás Ollscoil na Gaillimhe le deireanaí. D’fhreastal Nuala ar choláiste i nDundee na hAlban, áit ar bhain sí céim mháistir amach sa bhfealsúnacht sula ndearna sí Ard Dioplóma sa gCumarsáid Fheidhmeach i nGaillimh. Is ball de Choiste Fheidhmeach Náisiúnta Cheardchumann na nIriseoirí (an NUJ) í faoi láthair agus tá tréimhsí caite aici ar choistí éagsúla thar na blianta agus suim faoi leith aici i gcúrsaí forbartha pobail i gConamara. Comhghairdeachas le Nuala!



## AINMNEACHA LE TADHG MAC DONNAGÁIN

Tá físeáin iontacha á bhfoilsíú ag **Cúla4** ar **TG4** agus ar líne le gairid. Tugann Tadhg Mac Donnagáin léargas an-suimiúil an tseachtain seo ar an tionchar a bhí ag na Normanaigh ar shaol agus ar ainmneacha na hÉireann go háirid. Tá na físeáin seo le feiceáil ar a gcuntas FB: **Cúla4**



## SCÉIM DRÁMAÍOCHTA FHORAS NA GAELIGE

Tá Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2021 Fhoras na Gaeilge ar oscailt go dtí an Aoine 29 Eanáir. Dírionn an scéim seo ar chompántais drámaíochta Gaeilge - a bhfuil sé mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d’earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais. Tá raon leathan maoinithe ar fáil ag braith ar an gcineál grúpa atá i gceist ó €12,000 - €50,000. Tá chuile eolas le fáil ar an suíomh idirlín: [www.forasna-gaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/](http://www.forasna-gaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/) nó is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag [eolas@forasna-gaeilge.ie](mailto:eolas@forasna-gaeilge.ie)



## GABH I LEITH, COGAR

Chuile rath ar Mhaidhc Ó Féinneadha as an Spidéal a chuir tús le **Gabh i Leith, Cogar** clár nua ar Raidió na Gaeltachta an tseachtain seo. Beidh caint is comhrá, cur is cúiteamh maraon le ceol sa glár agus é mar aidhm aige scéalta agus eolas a scaipeadh i measc an phobail. Tugaigí cluais do Mhaidhc chuile Chéadaoin @ 2:05i.n. agus na bíodh leisce oraibh scéal a roinnt leis!

## CRUINIÚ CINN BLIANA CLG AN SPIDÉIL

Beidh Cruinniú Cinn Bliana Chumann Lúthchleas Gael an Spidéil ar an gCéadaoin 27 Eanáir @ 8i.n. ar an gcóras Zoom. Más mian leat freastal ar an gcruinniú seol teachtaireacht ríomhphoist chuig p.ociardha@gmail.com le cuireadh a fháil. Tá Tadhg Ó Conghaile ag seasamh síos tar éis chúig bliana a chaitheamh mar Chathaoirleach. Cuirfear fáilte roimh ainmniúcháin don ról seo anois, le cead ó na daoine a ainmnítear gan amhras. Tá foirm ainmniúcháin ar fáil ar chuntas Facebook: C.L.G. An Spidéal.

## DÓNAL Ó FÁTHARTA: BAINISTEOR NA BLIANA

Comhghairdeachas le Dónal Ó Fátharta ón Spidéal a ainmníodh mar 'Bhainisteoir na Bliana' sna gradaim EirGrid '20 Faoi 20' i ndiaidh dó Craobh faoi 20 na hÉireann a bhuachan le Gaillimh i mí na Nollag. Ba í seo an chéad bhliain aige mar bhainisteoir na foirne agus ba é an chéad uair a bhuaigh an contae craobh faoi fiche le seacht mbliana anuas. Bhí Dónal ina bhainisteoir ar fhoirne mionúir an chontae i 2018 agus 2019. Treise leat, a Dhónail!



## GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Leanfar leis na seisiúin plé ar ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain ar an Domhnach 31 Eanáir ar líne, ar an gcóras Zúm. Pléifear 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair'. Sa *mBraon Broghach* a céad fhoilsíodh an scéal cáiliúil seo faoi Bhríd agus í ag siúl go Gaillimh le im agus uibheacha a dhíol ar an margadh. Le páirt a ghlacadh níl le déanamh ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig optchoisfharrage@gmail.com le clárú. Nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294 le d'áit a chur in áirithe don chéad sheisiún eile.



## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á reáchtáil ag Oifig Pleanála Teanga Chois Fharráige, ach tá cúnaimh uainn! Tá suirbhé réitithe againn le heolas a chruinniú maidir le riachtanais thuismitheoirí an phobail ó thaobh ranganna Gaeilge de, an t-am is feiliúnaí len' iad a reáchtáil go háirithe. Ar líne, ar an gcóras Zoom a bheidh na ranganna seo faoi láthair. Is féidir an suirbhé a fháil ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig optchoisfharrage@gmail.com, nó déan teagmháil linn ag 083 010 6294 má tá suim agat ann.



**RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ**  
(IRISH CLASSES FOR PARENTS)  
AR LÍNE (ONLINE)

## SUIRBHÉ THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá suirbhé maidir le seirbhísí teaghlaigh sa nGaeltacht fógartha ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Ba mhaith leis an eagraíocht cloisteáil ó thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht nó tuismitheoirí a bhaineann úsáid as seirbhísí sa nGaeltacht. Eolas a fháil faoi na riachtanais atá i measc an phobail maidir le seirbhísí agus imeachtaí pobail, caitheamh aimsire, teanga, oideachas, cúram leanaí, sláinte agus go leor eile atá i gceist. Ní gá ainm a chur leis an suirbhé ach tá deis ann dearbhan a bhuachan! Is féidir teacht ar an suirbhé ar chuntas Facebook: Tuismitheoirí na Gaeltachta nó teagmháil a dhéanamh leo ag eolas@tuismitheoiri.ie nó ag 091 869 571

An tuismitheoir tú a bhfuil cónaí ort sa Gaeltacht?

Nó an tuismitheoir tú a bhaincann úsáid as seirbhísí sa Gaeltacht?



**Tuismitheoirí na Gaeltachta**

Céard iad na seirbhísí ar mhóith leatsa bheith ar fáil duit féin agus do' chlann i do cheantar féin?

Céard iad na seirbhísí a mbainfeá úsáid astu?

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharrage@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!

## AN TOGRA 5X5 LE FIGHTING WORDS NA GAEILGE

Tá dúshlán nua darbh ainm **An Togra 5x5** fógartha ag *Fighting Words na Gaeilge* bunaithe ar an teorainn taistil 5km atá i bhfeidhm i láthair na huair. An spreagadh atá ann ná scéalta taobh istigh de do 5km féin a aimsiú agus a léiriú ar bhealach cruthaitheach! Luadh roinnt smaointe mar ábhar spreagtha ar nós: dán i gcúig fhocal nó i gcúig líne, scéal a inseacht i gcúig alt, pictiúr le cúig dhath a chruthú nó pé tuiscint atá agat féin ar '5x5'! Foilseofar an obair ar fad in irisleabhar digiteach ar shuíomh idirlín *Fighting Words* i mí Aibreán 2021. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 5ú Feabhra. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag [www.fightingwords.ie/antogracuig](http://www.fightingwords.ie/antogracuig), nó ar FB: Fighting Words na Gaeilge. Buailigí faoi! Go n-éirí libh!



**An Togra 5x5**

Níl Aon Teorainn le Cúig

